- 1.2 Tá traidisiún fad ag an údarás áitiúil seirbhís mhacánta agus neamhchlaonta a thabhairt dá phobail. Is iad na bunluachanna atá mar bhunús leis an traidisiún seo ná macántacht, neamhchlaontacht, ionracas agus freastal ar an leas coiteann. Cruthaíodh an Cód seo leis na bunluachanna seo a chothú; le soláthar a chur ar fáil sa chaoi is go bhfeicfead go bhfuil gach fostaí ag gníomhú don leas coiteann amháin agus de réir an dlí; agus ar an gcaoi sin seasamh le muinín an phobail in údarás áitiúil. Mar sin ba chóir an Cód a léamh sa spiorad sin i gcónaí agus gan é a léamh ar aon bhealach roghnaíoch nó sriantach nach bhfuil ag teacht lena intinn. Táthar ag súil go gcuideoidh an Cód seo le dea-bhreith agus cinntí ar bhonn prionsabail ag na fostaithe ar fad ach gan amhras rachaidh an-chuid de na hábhair a chlúdaíonn an Cód níos mó i gcion ar fhostaithe sinsearacha ná ar dhaoine nach iad.
- 1.3 Tá an Cód seo á chomhlánú ag cód eile a bhaineann le comhairleoirí. I dteannta a chéile cruthaíonn na cóid seo caighdeán is féidir a úsáid le hiompar na ndaoine uilig atá ag plé le húdarás áitiúil i gcomhlíonadh a ndualgas a mheas. Tá sé de chuspóir acu an pobal a chur ar an eolas faoi chaighdeáin iompair a bhfuil sé de cheart acu a bheith ag súil leo agus ar an gcaoi sin muinín agus iontaobh an phobail a chothabháil agus a fheabhsú. Cuireann siad leis na sainfhorálacha faoin Acht agus is cuid lárnach iad den chreatlach eiticí nua.

2. Iompar agus iompraíocht ghinearálta

2.1 Feidhmíonn iompar agus iompraíocht ghinearálta fhostaithe údaráis áitiúil mar shlat tomhais tábhachtach nuair a bhíonn macántacht, ionracas, neamhchlaontacht agus feidhmíocht sheirbhís údaráis áitiúil á mheas agus nuair a chothaítear muinín an phobail. Tá sé tábhachtach, mar sin, go mbíonn na bunluachanna sin mar bhunús leis an iliomad idirbhearta ó lá go lá a bhíonn i ngnó údaráis áitiúil.

2.2 Caithfidh fostaíthe údaráis áitiúil cloí leis an gCód seo agus caithfidh siad -

na caighdeáin is airde ionracais a choinneáil trí:-

- choimhlintí leasa a sheachaint agus gan iarracht a dhéanamh riamh tionchar míchuí a imirt;
- ghníomhú ar bhealach a chuireann le hiontaobh agus muinín an phobail;
- gan a seasamh oifigiúil nó acmhainní an údaráis áitiúil a úsáid do thairbhe phearsanta;
- chinntiú nach dtarraingíonn a n-iompar droch-cháil ar ionracas a seasamh nó an údaráis áitiúil.

seasamh le muinín an phobail trína gcuid oibre a dhéanamh trí:-

- freastal ar a n-údarás áitiúil go coinsiasach, macánta agus neamhchlaonta;
- a ndualgais a chomhlíonadh le dúthracht, éifeachtacht agus cúirtéis;
- chinntí neamhchlaonta a dhéanamh bunaithe ar na fíricí, buanna agus dlí a bhaineann le gach cás a scrúdú agus gan a gcúrsaí féin a chur san áireamh.

iompraíocht chuí a dhéanamh san obair trí:

- caitheamh lena gcomhghleacaithe agus comhairleoirí le cúirtéis agus meas;
- caitheamh leis an bpobal go cúirtéiseach, go cothrom agus go pras;
- comhionannas a chothú agus claonadh a sheachaint agus iad ag déileáil leis an bpobal.

3. Coimhlint leasa pearsanta agus poiblí

- 3.1 De réir an Achta tá sé de dhualgas ar ghach fostaí (agus comhairleoir) caighdeáin chuí ionracais, iompair agus cúraim ar leas an phobail a choinneáil.
- 3.2 Níor chóir d'fhostaithe riamh iarracht a dhéanamh a seasamh oifigiúil a úsáid chun tairbhe mhíchuí a fháil dóibh féin nó do dhaoine eile lena bhfuil nasc pearsanta, teaghlaigh nó eile acu. Ar an gcaoi chéanna níor chóir dóibh riamh eolas rúnda a fhaigheann siad i bhfeidhmíocht a bhfostaíochta nó mar thoradh air, nó eolas oifigiúil nach bhfuil san fhearann poiblí, a úsáid nó a sheoladh ar aghaidh sa chaoi is go mbeadh tairbhe ann dóibh féin nó do dhaoine eile lena bhfuil nasc pearsanta, teaghlaigh nó eile acu. I mbeagán focal, ní féidir ligean do leasa príobháideacha nó pearsanta dul i gcoimhlint le dualgas poiblí.
- 3.3 Caithfidh fostaíthe aon choimhlint nó neamhréiteacht idir a ngnóthaí príobháideacha nó pearsanta agus comhlíonadh neamhchlaonta a ndualgas a sheachaint, más féidir, agus, murar féidir, a réiteach. Tá sé tábhachtach a chinntiú, chomh maith le hiompar míchuí féin a sheachaint, go seachnaítear seansanna amhrais agus cuma an iompair míchuí. Tá an dearcadh poiblí ar an gcaoi ina bpléann an duine le haon choimhlint tábhachtach. Ba chóir d'fhostaithe i gcónaí an tástáil a dhéanamh, dá mbeadh fíricí an cháis ar eolas ag an baill den phobal, an gceapfaidís go mbeadh tionchar ag an leas pearsanta nó príobháideach orthu agus cúrsaí á bplé acu nó cinntí á ndéanamh acu. Baineann an tástáil seo go cothrom le bronntanais/aíocht, fostaíocht lasmuigh agus nithe eile a chlúdaíonn an Cód seo. I gcás éiginnteachta ba chóir dul i gcomhairle le féitheoir an fostaí.
- 3.4 Tá riachtanais ar leith ag an Acht maidir le nochtadh do chatagóirí áirithe fostaíthe¹ agus caithfear cloí leo (féach alt 3.5 thíos). Mar sin féin, gan dochar dos na riachtanais nochta seo, tugtar anseo thíos roinnt cásanna inar chóir go measfaí go

¹ Sainíonn IR 582 de 2002 fostaíthe bainteacha mar a bhaineann anseo. Tháinig forálacha an Achta maidir le dearbhú/nochtadh/clár poiblí i bhfeidhm ar 1/1/2003 in áit na bhforálacha a bhí ann cheana san Acht Pleanála 1976.

bhfuil leasa pearsanta / príobháideacha bainteach leis an obair atá ar siúl nó á gcinneadh ag a leithéid nó aon fhostaithe eile. Sna cásanna seo, mar íosmhéid, beidh ceist an nochtá ann (ach amháin i gcás leasa atá gan tábhacht) agus de ghnáth ní bheidh baint ag an bhfostaí leis an gcás:

- nuair atá fostaí páirteach i measúnú nó cinneadh ar chúrsaí ina bhfuil leas airgeadais nó leas tairbheach eile aige/aici, caithfidh sé/sí é seo a nochtadh leis an bhféitheoir nó leis an mbainisteoir;
- nuair atá fostaí páirteach i measúnú nó cinneadh ar chúrsaí, áit a bhfuil a fhios aige/aici go bhfuil leas airgeadais nó leas tairbheach eile ag duine atá neasghaolmhar leo, caithfidh sé/sí é seo a nochtadh leis an bhféitheoir nó leis an mbainisteoir;
- nuair atá fostaí páirteach i measúnú nó cinneadh ar chúrsaí, a théann i gcion ar dhlúthchomharsa nó cara, ba chóir dó/di é seo a nochtadh leis an bhféitheoir;
- ar an gcaoi chéanna nuair atá fostaí páirteach i measúnú nó cinneadh ar chúrsaí i gcás a bhaineann le club, cumann nó eagrais eile ina bhfuil ballraíocht aige/aici, ba chóir dó/di é seo a nochtadh leis an bhféitheoir;
- níor chóir don bhfostaí aighneachtaí scríofa nó béil ar son eagraíochta, chlub nó chumainn seachtrach a dhéanamh leis an údarás, (ach amháin le cead an bhainisteora) áit a mbaineann aighneachtaí dá leithéid le hobair a bhfuil baint ag an bhfostaí féin leis;
- d'fhonn aon líomhaintí maidir le claonadh a sheachaint, níor chóir don bhfostaí a bheith páirteach go comhfhiosach sa roghnú do cheapachán d'aon fhostaí nó fostaí ionchasach lena bhfuil sé/sí gaolta.

Cé go bhféadfadh nach bhfuil aon leas airgeadais nó leas tairbheach eile i gceist don bhfostaí i gcuid de na cásanna thuasluaite, d'fhéadfadh go mbeadh an chuma ar na cúinsí atá i gceist go mbeadh tionchar acu ar fhorfheidhmiú neamhchlaonta na bhfeidhmeanna. Sna cásanna seo agus gach cás eile caithfidh an fostaí riachtanais na n-alt 3.1 go 3.3 a chur san áireamh.

3.5 I gcás chatagóirí áirithe d'fhostaithe éilíonn an tAcht orthu dearbhú bliantúil a sholáthar ar "leasa indearbhaithe": cuireann an cláraitheoir eiticí foirmeacha ar fáil. Freisin tá soláthar san Acht go gcaithfidh fostaithe den chineál sin a nochtadh go foirmiúil don bhainisteoir aon leas airgeadais nó tairbheach (ar a gcaithfidh eolas iarbhír a bheith acu²) atá acu féin nó duine bainteach³ in, nó ábhartha le, aon ábhar a bhaineann le feidhmeanna an údaráis áitiúil a bhfuil baint acu leo ina ndualgais. Ansin caithfidh siad cloí le haon treoir a thugann an bainisteoir dóibh. Baineann riachtanais reachtúla ar leith freisin maidir le nochtadh eolais ag bainisteoirí. Coscann an tAcht na fostaithe sin ar fad ó iarrachtaí le dul i gcion ar an údarás áitiúil go míchuí maidir le hábhar ar bith. Caithfear na riachtanais dlí seo a chomhlíonadh i gcónaí agus is cion é faoin Acht mura gcomhlíontar. Baineann riachtanais de chineál atá cosúil leis seo le comhairleoirí faoin Acht; agus le comhchomhairleoirí atá ag soláthar seirbhíse d'údaráis áitiúla. Tá soláthar san tAcht gur féidir le haon imeachtaí faoi Chuid 15 aird a thabhairt ar an gcód cuí, mar an gcéanna leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige.

4. Pleanáil

- 4.1 Córas an-oscailte is ea an córas pleanála a cheadaíonn ionchur ó na páirtithe uilig. Mar sin tá sé níos tábhachtaí fós go ndéantar measúnú na bhfostaithe ar iarratais pleanála, pleananna forbartha, gníomhú forfheidhmithe srl. ar bhealach trédhearcach; go leantar an phróis chuí, go mbunaítear é ar na nithe atá bainteach ach go ndéantar neamhaird de nithe nach bhfuil bainteach laistigh de riachtanais an chreatlaigh reachtúil pleanála.
- 4.2 Mar sin caithfear cúram sa bhreis a dhéanamh nuair atá cúrsaí pleanála idir lámha agus sa chomhthéacs seo tá forálacha an Chóid seo - ach go háirithe maidir le coimhlint leasa pearsanta agus poiblí (féach Roinn 3) agus fostaíocht lasmuigh (féach Roinn 10) an-bhainteach.

^{2 + 3} Tá na téarmaí "eolas iarbhír" agus "duine bainteach" leagtha síos in Alt 166 den Acht.

5. Bronntanais

- 5.1 De réir an Achta tá cosc ar fhostaí aon íocaíocht, táille, luach saothair nó fabhar a lorg, a ghearradh nó a ghlacadh as aon ghníomh a déantar nó nach ndéantar mar thoradh ar a c(h)uis fostaíochta. Agus an foráil seo á chomhlíonadh acu, caithfidh fostaithe aird a bheith acu ar threoir an Chóid seo.
- 5.2 Thar aon ní eile i ngach cás caithfidh gníomhartha fhostaithe údaráis áitiúil a bheith saor ó amhras agus gan a bheith mar chúis le haon choimhlint leasa agus go mbeidh a gcuid déileálacha le gnó agus le leasa eile in ann an scrúdú is déine a shásamh agus nach mbeadh aon chontúirt ann damáiste a dhéanamh do mhuintir an phobal in údarás áitiúil – féach freisin alt 3.3.
- 5.3 Mar sin féin ní bheadh cosc ar ghnáth-bhronnadh 'bhronntanas oifigiúla' nó comharthaí malartaithe nó bronnta mar chuid de phrótacal (mar shampla nuair a chuireann fostaí fáilte roimh dhuine mór le rá atá ar cuairt, nó más cainteoir an fostaí ag comhdháil srl.). Níor chóir glacadh le haon bhronntanas eile seachas earraí neamhrialta ar nós dialanna, féilirí, pinn nó comharthaí beaga nach bhfuil ach bunluach beag orthu.
- 5.4 Ba chóir an cleachtas seo a leanas maidir le bronntanais: -
- níor chóir don bhfostaí bronntanais a lorg go díreach nó go hindíreach;
 - ba chóir aon bhronntanas seachas comhartha beag a dhiúltú go cúirtéiseach ach go daingean;
 - sna cásanna uilig ba chóir tairiscint nó fáil bhronntanas ar bith (seachas rud gur léir nach bhfuil ann ach comhartha beag) a thuairisciú d'fhéitheoir an fhostaí;
 - níor chóir d'fhostaí, de bhua a d(h)éileálacha oifigiúla le soláthróir, aon saoráid speisialta, nó lasaine ar cheannach nó seirbhís speisialta a ghlacadh ó sholáthróir dá leithéid, ar a s(h)on féin nó ar son a m(h)uintire;

- níor chóir d'fhostaí aon lascaine nó aisíoc a thugtar maidir le haon chaiteachas de chuid an údaráis áitiúil a choinneáil. Is leis an údarás áitiúil aon bhuntáiste airgeadais dá leithéid agus ba chóir í a ghéilleadh amhlaidh.

I ngach cás caithfidh an fostaí an chomhairle ag alt 5.2 a chur san áireamh.

6. Aíocht

- 6.1** Agus teagmháil oifigiúil á dhéanamh acu le heagraíochtaí nó daoine seachtracha, caithfidh fostaithe gach cúram a ghlacadh lena chinntiú nach dtéann aon ghlacadh le haíocht i gcion orthu, agus nach bhfeádfaí a cheapadh go réasúnta go rachadh sé i gcion orthu, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu. Caithfidh an fostaí gach tairiscint ar aíocht ó leasa tráchtála, a raibh nasc conartha nó a d'fhéadfadh nasc conartha a bheith acu leis an údarás áitiúil, a thuairisciú dá f(h)éitheoir do threoir.
- 6.2** Glactar leis, áfach, nár chóir go mbeadh fostaithe údaráis áitiúil sa staid nach féidir leo glacadh leis na nithe a mbreathnaítear orthu mar ghnáth-chúirtéisí i naisc ghnó agus pobail. De ghnáth ní bheadh aon agóid i gcoinne glacadh le rud a mbreathnaítear air mar aíocht ghnách, is é lón gnó an sampla is soiléire; nó freastal ag ócáid shibhialta, chultúrtha nó cheiliúrtha. (B'fhéidir nár mhiste d'údaráis áitiúla treoirlínte a eisiúint ina leith seo le cúinsí áitiúla san áireamh.)
- 6.3** Níor chóir d'fhostaithe glacadh le tairiscintí aíochta a théann thar na gnáth-chleachtais a luaitear ag alt 6.2, ach amháin nuair is féidir a thaispeáint go soiléir go mbeadh glacadh na tairiscinte chun leasa an údaráis áitiúil agus go bhfuil sé ceadaithe ag an mbainisteoir.
- 6.4** Nuair a chaithfear diúltú d'aíocht ba chóir iad siúd a rinne an tairiscint a chur ar an eolas go cúirtéiseach agus go deimhin faoi na caighdeáin a éilíonn an Cód seo.

7. Déileálacha gnó fhostaithe le húdarás áitiúil

- 7.1 I réimse dhéileálacha gnó foirne le húdarás áitiúla is é an prionsabal is tábhachtaí ná nár chóir aon fabhar ar leith a thaispeáint do ghnólachtaí le naisc airgeadais, clainne nó eile le fostaíthe. Ba chóir go mbeadh sé seo ina threoir ar ghach uile ábhar eile den chineál seo.
- 7.2 Ba chóir go mbeadh na rialacha ginearálta seo a leanas i bhfeidhm dos na fostaíthe uilig (faoi réir dhiscreid an bhainisteora eisceachtaí inchosanta a údarú i gcásanna speisialta):
- ba chóir d'fhostaithe a théann isteach i ngnóthas ar bith, nó a ghlacann páirt ar bhealach eile in aon ghnó seachtrach a bhfuil baint aige, nó ar dócha a mbeidh baint aige, conradh lena n-údarás áitiúil (lena n-áirítear maoin údaráis áitiúil a cheannach nó a dhíol) an bainisteoir a chur ar an eolas láithreach maidir lena leas;
 - níor chóir d'fhostaithe aon stiúrtóireacht a ghlacadh (ach amháin mar ainmní an údaráis) in aon chomhlacht a bhfuil conradh aige lena n-údarás áitiúil;
 - níor chóir d'fhostaithe idirbheartú nó eadránú in aon ábhar a bhaineann le conradh le húdarás áitiúil nó ceannach ó, nó díol earraí chuig údarás áitiúil áit a bhfuil siad, ina seasamh príobháideach, bainteach leis an gcomhlacht nó eagrais atá i gceist;
 - ba chóir d'fhostaithe atá páirteach i bhfostú nó maoirsiú chonraitheoirí, comhchomhairleoirí, nó soláthróirí seirbhíse eile, a bhfuil gaol acu leo ar bhonn príobháideach nó pearsanta, an gaol sin a nochtadh dá bhféitheoir.
- 7.3 Tá riachtanais ar leith san Acht maidir le dearbhú/nochtadh chonarthaí le húdarás áitiúil agus ar stiúrtóireacht ar chomhlachtaí do chatagóirí áirithe d'fhostaí, agus caithfear cloí leo seo i gcónaí.

8. Déileálacha pearsanta le húdarás áitiúil

Is féidir le fostaithe údaráis áitiúil déileálacha a bheith acu lena n-údarás áitiúil ar leibhéal pearsanta mar shampla mar thionónta nó mar iarrthóir do dheontas chead pleanála, deontas ardoideachais, srl. Cé gur chóir go mbeadh na cearta céanna ag fostaithe ina ndéileálacha pearsanta le duine ar bith eile, ar ndóigh, níor chóir dóibh cóir fhabhrach a lorg.

9. Meas ar acmhainní na comhairle

Caithfidh na fostaithe uilig:

- gach cúram atá réasúnta a dhéanamh de mhaoin, acmhainní agus cistí údaráis áitiúil agus gan iad a úsáid, ná á n-úsáid a cheadú, do chúiseanna neamhúdaraithe nó neamhoifigiúil;
- gan aon dhliteanas a thabhtú thar ceann a bhfostóra gan údarú ceart;
- cloí i gcónaí agus go hiomlán leis na rialacha a bhaineann le héilimh a dhéanamh agus íocaíochtaí de shaghas ar bith leo, pé acu tuarastal, ragobair, liúntais (lena n-áirítear taisteal agus cothabháil) srl.

10. Tinreamh agus fostaíocht lasmuigh

10.1 Tá an pobal ag súil go ndíreoidh fostaithe údaráis áitiúil a n-aire agus fuinneamh iomlán ar dhualgais oifigiúla le linn uaireanta oibre. Tá iachall ar fhostaithe a bheith i láthair ag obair mar a iarrtar agus gan a bheith as láthair ón obair gan údarú.

10.2 Tá soláthar san Acht (alt 159) nach ngabhfaidh fostaí le haon obair bhrabúsach, seachas mar fhostaí ag an údarás áitiúil, sa chaoi is go ndéanfaí dochar d'fheidhmíocht a d(h)ualgas nó le haon obair a d'fhéadfadh (a) teacht salach ar leasa an údaráis áitiúil nó (b) a bheith ag teacht salach ar chomhlíonadh a d(h)ualgas mar fhostaí údaráis áitiúil. Freisin tá srianta ar leith in Alt 159 ar fhoireann ghairmiúil ag glacadh páirt i gcleachtas príobháideach sa ghairm ina bhfuil sé nó sí fostaithe ag an údarás áitiúil nó in aon ghairm ghaolmhar. Níor chóir

d'fhoireann theicniúil ach an oiread obair phríobháideach theicniúil a dhéanamh. Caithfear na forálacha seo a léamh i gcomhair le hait 3.1 go 3.3 den Chód.

- 10.3** Níl cead ag fostaí gnó, obair nó gníomhaíocht lasmuigh a dhéanamh a d'fhéadfadh duine den phobal a bhreathnú air go réasúnta mar rud a lagódh muinín an phobail in údarás áitiúil. I gcás éiginnteachta ba chóir don bhfostaí an scéal a chur faoi bháid a f(h)éitheora.
- 10.4** Níor chóir d'fhostaí údaráis áitiúil ionchas fostaíochta lasmuigh d'earnáil an údaráis áitiúil coimhlint leasa iarbhír nó samhlaithe a chruthú dó nó di. Ba chóir dó nó di aon tairiscint ar fhostaíocht a nochtadh láithreach dá f(h)éitheoir. I gcás Bhainisteoir an Chontae nó na Cathrach, ba chóir an Cathaoirleach a chur ar an eolas.
- 10.5** Ba chóir d'aon fhostaí a bhfuil sé i gceist aige nó aici glacadh le ceapachán a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le coimhlint leasa an t-údarás cuí a chur ar an eolas maidir lena bhfuil i gceist mar a léirítear in alt 10.6. Freisin, níl cead ag fostaí lena mbaineann Cuid 15 den Acht um Rialtas Áitiúil, 2001 (Creatlach Eiticiúil don tSeirbhís Údaráis Áitiúil), laistigh de dhá mhí déag d'éirí as oifig nó dul ar scor, glacadh le tairiscint ar fhostaíocht nó comhchomhairle áit a d'fhéadfadh coimhlint leasa a bheith ann de bharr nádúr nó téarmaí, gan údarú an údaráis cuí a fháil. Baineann an tréimhse dhá mhí déag le fostaí lena bhain Cuid 15 ag am ar bith le linn na tréimhse sé mhí go díreach roimh éirí as nó dul ar scor.
- 10.6** Caithfidh fostaí a dtagraítear dó nó di in alt 10.5 tuairisciú don údarás cuí ní iarratas a dhéanamh mar seo a leanas:

Ba chóir d'fhostaí faoi leibhéal Stiúrthóra Seirbhísí tuairisciú nó iarratas a dhéanamh, mar is cuí le Bainisteoir an Chontae nó ba Cathrach den údarás áitiúil ina bhfuil sé nó sí ag freastal.

Ba chóir d'fhostaí ag leibhéal Stiúrthóra Seirbhísí nó níos airde (lena n-áirítear Bainisteoirí Contae agus Cathrach) iarratas a dhéanamh leis an mBord um Cheapacháin Seachtracha d'earnáil an Údaráis Áitiúil.

- 10.7** Déanfaidh an t-údarás cuí iarratais a mheas ar an mbunús chinneadh an bhfuil coimhlint leasa soiléir ann nó nach bhfuil. Agus cúinsí gach cáis measta, is féidir cead le ceapachán a ghlacadh nó fostú a ghlacadh a thabhairt gan coinníollacha nó le coinníollacha.
- 10.8** Nuair a chuireann Bainisteoir Contae nó Cathrach coinníollacha ar cheapachán a ghlacadh, is féidir leis an bhfostaí atá i gceist an cinneadh a chur faoi bhráid an Bhoird um Cheapacháin Seachtracha d'earnáil an Údaráis Áitiúil d'athbhreithniú.
- 10.9** Níl sé i gceist go gcuirfidh forálacha na n-alt 10.4 go 10.8 ualach gan ghá nó míréasúnta a chur ar fhostaithe údaráis áitiúil agus táthar ag súil nach gcuirfidh siad isteach ar ghinearáltacht na bhfostaithe ar mian leo fostaíocht a ghlacadh lasmuigh den earnáil. Cuideoidh nochtadh agus comhairle luath faoi réir na n-alt seo le haon chuma de choimhlint leasa a sheachaint agus cosnóidh sé ionracas na seirbhíse údaráis áitiúil agus na daoine atá i gceist.

Bord um Cheapacháin Seachtracha d'Earnáil an Údaráis Áitiúil

- 10.10** Beidh Bord um Cheapacháin Seachtracha d'Earnáil an Údaráis Áitiúil ann, bunaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Údaráis Áitiúil, ar a mbeidh Ard-Rúnaí na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Údaráis Áitiúil, iar-Bhainisteoir Contae nó Cathrach agus triúr comhalta nach fostaithe nó iar-fhostaithe sa tseirbhís phoiblí iad, agus feidhmeoidh duine amháin díobh seo mar Chathaoirleach.
- 10.11** Cinnfidh an Bord na nósanna imeachta chun plé le hiarratais a chuirtear faoina bhráid agus nithe bainteacha.
- 10.12** Tabharfaidh Cathaoirleach an Bhoird tuairisc go tréimhsiúil don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Údaráis Áitiúil ar fheidhmíocht an Bhoird agus is féidir leis nó léi, ó am go ham, de réir mar a mheasann sé nó sí a bheith cuí, tuairiscí eile a thabhairt ar fheidhmeanna an Bhoird.

11. Gaolta oibre sásúla

- 11.1** Le linn a ngnó ó lá go lá téann fostaithe i dteagmháil leis an bpobal, a gcomhghleacaithe agus comhairleoirí. Mar bhunús leis an teagmháil seo tá prionsabail de mheas ar dhaoine eile, comhionannas agus dualgas seasamh leis an dlí agus cloí leis, agus freagracht le seirbhís chúirtéiseach, éifeachtach agus neamhchlaonta a chinntiú.
- 11.2** Tá soláthar san Acht go ndéanfaidh fostaithe cibé dualgais a shannaítear dóibh ó am go ham maidir lena bhfostaíocht agus cibé teoracha a thabharfar dóibh maidir leis na dualgais sin a chomhlíonadh.
- 11.3** Agus seirbhís á sholáthar don phobal ba chóir d'fhostaithe caitheamh go cothrom agus go cúirtéiseach, gan claonadh ar bhealach neamhchlaonta le daoine. ba chóir dóibh plé le fiosruithe ar bhealach oscailte agus cuiditheach agus aird acu ar eolas rúnda a chaomhnú, nuair is cuí. Caithfidh údaráis áitiúla cuimhneamh ar "Threoir an Ombudsman do Chaighdeáin an Dea-Chleachtais do Sheirbhísigh Poiblí"⁴ a dhéanann soiléiriú ar chearta saoránach agus prionsabail an dea-riaracháin, lena n-áirítear oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht agus an riachtanas le leatrom éagóireach a sheachaint. Tá ceart ag baill den phobal rochtain ar thaifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus tugtar freagracht fhollasach d'fhostaithe áirithe ina leith seo.
- 11.4** Tá sé mar aidhm ag fostaithe agus comhairleoirí araon freastal ar an bpobal. Ach tá freagrachtaí éagsúla acu. Tá comhairleoirí freagrach do na toghthóirí dá dtréimhse oifige tofa. Tá fostaithe freagrach don bhainisteoir agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu. Tá comh-mheas agus cúirtéis idir fostaithe agus comhairleoirí riachtanach d'údarás áitiúil maith agus ba chóir iad a chothú i gcónaí. Freisin tá sé tábhachtach go bhfeidhmeoidh fostaithe i gcónaí ar bhealach polaitiúil neodrach agus a ndualgais oifigiúla á gcomhlíonadh acu agus ina ndéileálacha le comhairleoirí.
- 11.5** Caithfidh fostaithe freisin meas cuí a léiriú dá gcomhghleacaithe ag obair agus atmaisféar dearfach oibre a

⁴ Is féidir teacht ar an tuarascáil ag www.ombudsman.gov.ie/pub.htm

chothú. Tá reachtaíocht/cóid cleachtais ar leith ann a bhaineann le combhionannas, ciapadh srl, a gcaithfear cloí leo.

- 11.6** De réir dlí, ceadaítear d'fhostaithe áirithe údaráis áitiúil feidhmiú mar chomhairleoirí. Mar sin tá freagracht ar leith orthu mar fhostaithe a chinntiú nach ngeamhaítear a ról, agus, nuair is cuí, go gcaomhnaítear rúndacht agus nach bhfuil aon chuma ann go gceapfaí go mbeadh tionchar ag a ról tofa ar chomhlíonadh neamhchlaonta a ndualgas oifigiúil mar fhostaithe údaráis áitiúil.

12. Ciontuithé coiriúla

- 12.1** Caithfidh fostaí ar bith a chúisítear nó a chiontaítear ar chion coiriúil (nó a fuair buntáiste as an Acht Promhaidh nuair a ciontaíodh é/í) an fhíríc seo a thuairisciú dá (h)Oifigeach Pearsanra. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann dá seasamh oifigiúil. Pléifear le heolas dá leithéid faoi rún iomlán agus ní choinneofar taifead air ach amháin má mheastar go mbaineann an t-eolas le seasamh oifigiúil an fhostaí.
- 12.2** Caithfidh fostaí a ceapadh de bhua cháilíocht nó cheadúnas phroifisiúnta ar leith (m.sh. aturnae, cuntasóir, tiománaí) a rá i scríbhinn láithreach lena nOifigeach Pearsanra má tharlaíonn aon athrú stádais, tarraingt siar nó formhuiniú ar cháilíocht nó cheadúnas dá leithéid.

13. Ginearálta

- 13.1** Baineann an cód le gach fostaí cibé lánaimseartha nó fostaí ar bhonn neamhghnách (m.sh. sealadach, páirtaimseartha nó conradh ar théarma seasta srl.). Baineann sé freisin, nuair is cuí, le fostaí ar na cineálacha éagsúla saoire.
- 13.2** Má sháraítear an Cód d'fhéadfaí téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a bheith sáráithe agus gníomh araíonachta a bheith ann dá bharr.

- 13.3** Má tá amhras ar bith faoi aon ní is fearr i gcónaí d'fhostaí cúram a ghlacadh agus dul i gcomhairle lena f(h)éitheoir. Nuair a éilíonn an Cód seo nochtadh faisnéise ag an bhfostaí don féitheoir, ba chóir dó/di aon treoir a thugtar maidir leis an ní a leanúint.
- 13.4** Mar is léir, ní chlúdaíonn an Cód na gnéithe uilig de dhualgais fhostaithe agus de ghaolta idir fostóirí agus fostaith. Ina áit sin, tá sé i gceist go gclúdódh sé na heilimintí lárnaacha a d'fhéadfadh an pobal a bheith ag súil leo i gcód iompair eiticiúil atá bunaithe ar reachtaíocht.
- 13.5** Mar thoradh ar raon agus castacht na gníomhaíochta údaráis áitiúil ní féidir le cód den chineál seo plé le gach staid agus teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ann. Má tharlaíonn aon staid eile de choimhlint fhéideartha idir leas pearsanta agus leas poiblí nó má tharlaíonn cásanna d'iompar amhrasach mar a mheastar, ba chóir d'fhostaithe díriú ar phlé leo faoi réir na phrionsabail agus intinn an Chóid. Ba chóir d'fhostaithe a mheabhrú go bhfuil an fhreagracht orthu siúd sa chéad áit a chinntiú go rialaítear a ngníomhartha, cibé an gclúdaíonn an Cód go sainiúil nó ar bhealach eile iad nó nach gclúdaíonn, ag na cúrsaí eiticiúla agus eile atá intuigthe sa Chód.
- 13.6** Ní dhéanann an Cód seo aon dochar do shainriachtanais reachtaíochta, ar nós na riachtanas leagtha síos san Acht um Rialtas Áitiúil 2001, a bhaineann leis na catagóirí uilig nó catagóirí sainithe d'fhostaithe – agus tá sé de bhreis ar reachtaíocht uile-earnála eile ar nós na reachtaíochta frith-chaimiléireachta a láidríodh le déanaí.
- 13.7** Ba chóir do chomhchomhairleoirí a sholáthraíonn seirbhísí d'údaráis áitiúla cloí le prionsabail an Chóid seo agus a ról á gcomhlíonadh acu ar son an údaráis áitiúil. Ach go háirithe ba chóir dóibh aon choimhlint leasa a sheachaint agus tá siad faoi cheangal ag forálacha faisnéisithe an Achta agus an Chóid seo maidir le leas a d'fhéadfadh a bheith ann le linn a seirbhíse d'údarás áitiúil.
- 13.8** Ba chóir go mbeadh aird ag fostaith freisin ar aon chomhairle chuí a eisítear ó am go ham ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Údaráis Áitiúil nó ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.